*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Naíscoil Chois Locha
# An Lorgain

## Dáta na Cigireachta: Bealtaine 2007

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil Chois Locha |
| **Seoladh:** | Bunscoil Naomh Proinsias<br>Bóthar Naomh Proinsias<br>An Lorgain<br>Co Ard Mhacha<br>BT66 6DL |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 15 Bealtaine 2007 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | 23 Bealtaine 2001 |

1. <u>**Sonraí faoi na Páistí**</u>

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 24 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 19 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 19 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 0 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 1 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 1 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán** | 96% | - |

** Ríomhtar seo ón dáta a bhí an líon iontrála iomlán

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| **Líon:** | **Lánaimseartha** | **Páirtaimseartha** |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 3 | 0 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 3 | 0 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 0 | 0 |

| **Líon: *** ** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

*** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| **Fad ama sheisiún na maidine** | **Fad ama sheisiún an tráthnóna** | **Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe** |
|---|---|---|
| huaire an chloig | - | 190 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 24 |
| **Céatadán acu a cuireadh ar ais:** | 58.3% |
| **Líon na dtuairimí scríofa:** | 5 |

**NAÍSCOIL CHOIS LOCHA, AN LORGAIN, CO. ARD MHACHA, BT66 6DL (5BB-0393)**

1. Tá an t-ionad suite ar thailte Bhunscoil Naomh Proinsias. Ní hionann na baill foirne uile anois agus a bhí nuair a rinneadh an chigireacht dheireanach. Is ó cheantar mhór máguaird a thagann na páistí.

2. Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin ionad. Cuireadh na barúlacha sin san áireamh mar chuid den chigireacht agus pléadh ceisteanna ar bith a ardaíodh leis an fhoireann agus leis an grúpa bainistíochta.

3. Tá polasaí scríofa ar chosaint leanaí ag an ionad réamhscolaíochta ina bhfuil na tuismitheoirí páirteach, agus tá sé i gcomhréir leis an treoir a thug an Roinn Oideachais. Tá an fhoireann i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar a gcuid cleachtas féin san ionad; ach, tá tuiscint níos soiléire de dhith ar na bearta iomchuí ba chóir a dhéanamh nuair atá gnóthaí áirithe i gceist a bhaineann le cosaint leanaí.

4. Tá aird áirithe ag an ionad réamhscolaíochta ar chur chun cinn nósanna sláintiúla itheacháin i measc na bpáistí. Bíonn deiseanna áirithe ag na páistí bheith páirteach i roinnt gníomhaíochtaí coirp.

5. **Is iad seo a leanas príomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an t-ionad:**

- Tá éiteas dearfach san ionad; tá caidreamh sármhaith idir an fhoireann agus na páistí. Cothaíonn éiteas dearfach an ionaid muinín agus féinmheas na bpáistí go héifeachtach. Oibríonn an fhoireann go héifeachtach i gcomhar lena chéile ar mhaithe le leas na bpáistí; is maith a thugann siad aire agus tacaíocht do na páistí.

- Réitíonn na páistí go maith lena chéile; spreagann an fhoireann dea-iompar ina measc agus bíonn an t-atmaisféar san ionad lán comhurraime agus suilt. Baintear úsáid mhaith as obair na bpáistí féin, as grianghraif, as póstaeir agus as áiteanna sainspéise le timpeallacht foghlama tharraingteach, dhathannach, spreagthach a chruthú do na páistí.

- Bíonn cumarsáid agus teagmháil mhaith ann leis na tuismitheoirí; úsáidtear modhanna iomchuí éagsúla chun tuismitheoirí a spreagadh le ról iomlán a imirt in oideachas a gcuid páistí.

- Le linn na cigireachta is minic a bhí an fhoireann páirteach go sciliúil leis na páistí le linn dóibh bheith ag súgradh chun teanga agus foghlaim na bpáistí a chur chun cinn go héifeachtach. Is minic a mhol agus a spreag an fhoireann na páistí agus is minic a chuir siad smaointe nua rompu, rud a chuidigh leis na páistí leanúint den tasc a bhí roghnaithe acu, agus rud a chothaigh dianmhachnamh iontu agus a chuir leis an súgradh a bhí ar bun acu.

- Tá atmaisféar an ionad ar maos in úsáid teanga; foghlaimíonn na páistí Gaeilge ar dhóigh réidh nádúrtha; tá siad ag dul chun cinn go maith i sealbhú na teanga. Tá bunús na bpáistí ábalta treoracha a leanúint go maith agus tá cuid acu ag tosú a fhreagairt agus iad ag úsáid focail agus frásaí Gaeilge.

- Tá rún daingean ag an fhoireann Gaeilge a labhairt agus an teanga a úsáid agus iad ag teagasc na bpáistí agus i mbun cumarsáide leo. Cuireann na páistí buneolas ar leabhair go teagmhasach ó na teidil atá ar taispeáint thart ar an seomra; léiríonn a lán acu suim in bheith ag iarraidh tús a chur scríobh agus le marcáil mar dhlúthchuid den súgradh. Cuirtear leabhar san áireamh go cuí i gcuid de na réimsí súgartha.

- Tugann clár oideachais an ionaid deiseanna maithe foghlama nó deiseanna foghlama sásúla do na páistí i ngach réimse den churaclam réamhscoile. Is iad na láidreachtaí ar leith an dóigh a gcuirtear an teanga chun cinn, na scileanna cruthaitheacha a theagasctar agus an luath-thaithí a thugtar ar an mhatamaitic.

- Is duine díograiseach an ceannaire a bhfuil rún daingean aici aire mhaith a thabhairt do na páistí agus obair an ionaid a chur chun cinn. Bíonn caidreamh maith ann idir na baill foirne; tá mothú ag fabhrú ina measc gur meitheal mhaith iad agus is mór ag an cheannaire an obair a dhéanann gach ball foirne. Oibríonn an fhoireann go crua; is léir go mbaineann siad sult as a gcuid oibre leis na páistí agus is minic i mbun grinn iad. Tá siad go léir ag déanamh tuilleadh staidéir ar an Ghaeilge. Is mór acu an chomhairle agus an tacaíocht a thugann an saineolaí oideachais luath-óige agus an coiste bainistíochta dóibh.

6. Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Is iad seo a leanas na réimsí is tábhachtaí ar gá aird a thabhairt orthu.

- Ba chóir gnéithe den ghnáthamh sa chuid is moille den lá a fheabhsú lena chinntiú go n-úsáidfear an t-am agus an spás uile níos éifeachtaí chun foghlaim na bpáistí a chur chun cinn agus chun deiseanna a thabhairt le haghaidh gníomhaíocht choirp fuinniúil.

- Caithfidh an fhoireann bheith níos comhsheasmhaí sa dóigh a mbíonn siad ag coimhéad agus ag taifeadadh fianaise go bhfuil páistí ag déanamh dul chun cinn i ngach réimse den churaclam réamhscoile.

- Ba chóir don fhoireann oiliúint chuí a fháil i soláthar do pháistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu, agus cur le polasaí an ionaid ina leith sin.

7. Tá an fhoireann i ndiaidh tús a chur le forbairt roinnt modhanna úsáideacha féinmheastóireachta. Cé nach bhfuil ach tús curtha leis an obair sin, tá roinnt dul chun cinn déanta acu agus iad ag athbhreithniú an tsoláthair oideachais. Ba chóir don fhoireann, agus tacaíocht an tsaineolaí oideachais luath-óige ar a gcúl, leanúint den chur chuige meabhraitheach sin ina gcuid oibre. Ba chóir dóibh comhoibriú anois leis an ghrúpa bainistíochta agus leis an saineolaí oideachais luath-óige chun plean forbartha a cheapadh don ionad, plean a bheas bunaithe ar chinntí na cigireachta.

8. Tá láidreachtaí móra sa chuid is mó den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear san ionad réamhscolaíochta. Aimsíodh sa chigireacht mionréimsí atá le feabhsú agus a bhfuil sé i gcumas an ionaid réamhscolaíochta tabhairt fúthu.

Déanfaidh an Cigire Ceantair faireachán ar dhul chun cinn an ionaid réamhscolaíochta sna réimsí atá le feabhsú.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina hiomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais:  www.deni.gov.uk